C/2025/5507

10.10.2025

Fógra ó Rialtas na hOstaire de bhun Airteagal 52(2) de Threoir AE 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le Leictreachas') maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas i ndáil le hainmniú Tiroler Übertragungsnetz GmbH mar oibreoir córas tarchurtha san Ostair

(C/2025/5507)

Tar éis chinneadh críochnaitheach údarás rialála na hOstaire an 18 Iúil 2024 maidir le deimhniú Tiroler Übertragungsnetz GmbH mar Oibreoir Córas Tarchurtha Díchuachta Úinéireachta (Airteagal 43 den Treoir maidir le Leictreachas), thug an Ostair fógra don Choimisiún maidir le formheas agus ainmniú oifigiúil na cuideachta sin mar Oibreoir Córas Tarchurtha a oibríonn san Ostair i gcomhréir le hAirteagal 52 den Treoir maidir le Leictreachas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Foilsíodh an t-ainmniú in Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire (Bundesgesetzblatt für die Republik Österreich) agus is féidir teacht air ag an nasc seo a leanas:
https://www.ris.bka.gv.at/eli/bgbl/II/2024/219,

Is féidir aon fhaisnéis bhreise a fháil ag an seoladh seo a leanas:

Bundesministerium für Klimaschutz, Umwelt, Energie, Mobilität, Innovation und Technologie
Abteilung VI/4 (Rechtskoordination und Energie Rechtsangelegenheiten)
Mag. Katharina Saric-Gruber
Stubenring 1, 1010 Wien, Österreich
vi-4@bmk.gv.at